Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15709/22**

**AVIATION 305**
**DELACT 224**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 8561 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 29.11.2022 lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 8561 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 8561 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.11.2022
C(2022) 8561 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.11.2022**

**lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráid sa leagan Polainnise de Rialachán (AE) Uimh. 139/2014. Chun an leagan Polainnise a ailíniú leis na leaganacha teanga eile is gá Rialachán Tarmligthe a ghlacadh lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceartaítear earráid aistriúcháin sa leagan Polainnise den téacs.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.11.2022**

**lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 39(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid, i bpointe ADR.OPS.B.080(b), sa leagan Polainnise d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014[2] ón gCoimisiún, arb earráid í lena gcúngaítear raon feidhme na díolúine a leagtar síos san fhoráil sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Polainnise d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

1 IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

2 Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.11.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*